Maidir le: Cuid VIIA Alt 58C den Acht um Chúram Leanaí 1991.

A Sholáthraí Cláraithe, a chara,

I mí Aibreáin na bliana seo, d'fhoilsigh an rialtas dhá ionstram reachtúla: **195/2022 - Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Leasú) 2022** agus

196/2022 - Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Aoise Scoile a Chlárú) (Leasú) 2022

Mar is eol duit, leis na hionstraimí reachtúla seo déantar foráil do phróiseas nua cuíchóirithe do sheirbhísí luathbhlianta chun a gclárúchán a athnuachan. Ciallaíonn an próiseas nua seo go bhfuil laghdú mór tagtha ar an méid riaracháin atá le déanamh agus, mar sin, is eispéireas i bhfad níos simplí anois é do gach aon duine lena mbaineann.

Anuas ar an bpróiseas nua seo a thabhairt isteach, thug na hionstraimí reachtúla ceanglas dlíthiúil isteach freisin a leagann amach go gcaithfear na seirbhísí go léir deimhniú clárúcháin a bheith acu agus é a chur ar taispeáint ón 31 Eanáir 2013.

Cuireann na hionstraimí reachtúla rialachán nua isteach sna rialacháin réamhscoile agus Aois Scoile atá ann cheana féin. De réir an rialacháin nua, eiseoidh cigireacht na luathbhlianta deimhnithe clárúcháin chuig soláthraithe cláraithe sna cúinsí seo a leanas:

- i ndiaidh seirbhís a chlárú nó i ndiaidh clárúchán a athnuachan
- i ndiaidh athrú ar imthosca mar a fhorordaítear i Rialachán 8
- i ndiaidh ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha clárúcháin faoi alt 58(D)(5) agus (8) den Acht a chur leis nó an gclárúchán, nó a bhaint de
- i gcás go dtagann an Ghníomhaireacht i bhfios go bhfuil píosa faisnéise ar bith a iontráladh ar an gclár mícheart, i gcomhréir le 58(D)(7)

Luaitear na pointí seo a leanas sa rialachán nua freisin:

- Ní mór do sholáthraithe cláraithe a chinntiú go gcuirtear an deimhniú clárúcháin ar taispeáint in áit fheiceálach sa tseirbhís ionas go mbeidh sé rí-shoiléir do thuismitheoirí agus baill an phobail a thagann isteach sa tseirbhís.
- Ní mór do sholáthraithe cláraithe a chinntiú gurb é an deimhniú clárúcháin is déanaí a eisítear don tseirbhís an deimhniú clárúchán atá ar taispeáint.

I mí Meán Fómhair 2022, tosóidh Cigireacht na Luathbhlianta ar dheimhnithe clárúcháin a eisiúint chuig gach aon seirbhís luathbhlianta sna imthosca thuasluaite.

Tabhair faoi deara go dtógfaidh sé suas go sé seachtaine ón am a chuirtear ceann de na próisis seo i gcrích agus a fhaomhtar é, go dtí go bhfaighfear an deimhniú. Ná déan teagmháil linn maidir le do dheimhniú go dtí go mbeidh an tréimhse ama seo imithe in éag.

Cinnteoimid go mbeidh deimhniú clárúcháin eisithe chuig gach aon seirbhís faoi dheireadh mhí Eanáir 2023. Nuair a bheidh deimhniú clárúcháin faighte ag seirbhís, caithfear é a chur ar taispeáint i gcomhréir leis an rialachán.

Tabhair faoi deara freisin **nach bhfuil** na hiarratais ar mhaoiniú a dheantar trí *Pobal* agus tríd an *Early Years Hive* ag brath ar chóip de do dheimhniú clárúcháin a chur isteach. Is leor fós litir nó ríomhphost deimhnithe ó Chigireacht na Luathbhlianta a chur isteach mar chruthúnas ar clárúchán.

Nuair a fhaigheann tú do dheimhniú, má fheiceann tú míchruinneas ar bith san fhaisnéis a luaitear air is féidir ríomhphost a chur chugainn ag eyi.certificates@tusla.ie. Tá sé tábhachtach go seolfar isteach leis an ríomhphost sin fianaise shoiléir maidir leis an míchruinneas ionas gur féidir linn athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an gcás.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun é a chur i gcuimhne do sheirbhísí a gcaithfidh fós a gclárúchán a athnuachan é a dhéanamh chomh luath agus is féidir. Is féidir an t-eolas ar fad a fháil ar ár leathanach gréasáin um Chlárú a Athnuachan.

Is mise le meas,

Grant Landon

Grant Landon
Bainisteoir Forbartha um Chleachtas Rialála
Rialú Seirbhísí do Leanaí

TUSLA An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency